2026/2403

29.10.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2403 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a mhéid a bhaineann le laghdú ráthaíochtaí cuimsitheacha le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha údaraithe i ndáil le ciandíolacháin agus coigeartú eilimintí sonraí áirithe le haghaidh tháille láimhseála an Aontais

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais ([1]), agus go háirithe Airteagal 25, an chéad mhír, pointe (c), agus Airteagal 100(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2026/382 ón gComhairle ([2]) tugtar isteach dleacht chustaim shealadach EUR 3 in aghaidh na hítime i gcoinsíneachtaí nach mó a luach intreach ná EUR 150 san iomlán, i gcás ina bhfuil allmhairiú na n-earraí díolmhaithe ó CBL i gcomhréir le hAirteagal 143(1), pointe (ca), de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle ([3]), nó i gcás ina bhfuil na hearraí i gcoinsíneacht phoist, a shainmhínítear in Airteagal 1, pointe (24), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún ([4]) mar earraí a dhíoltar i gciandíolacháin. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/2152 ón gCoimisiún ([5]) bunaítear méid tháille láimhseála an Aontais a tugadh isteach le hAirteagal 20(2) de Rialachán (AE) 2026/2108 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) maidir le hiarraidh ar earraí a chur faoin nós imeachta um scaoileadh i saorchúrsaíocht a láimhseáil i gcás ina ndíoltar na hearraí sin trí chiandíolacháin.

(2) Le hAirteagal 95(3) de Rialachán (AE) 952/2013, deonaítear an ceart d'oibreoirí eacnamaíocha údaraithe, ar mhaithe le simpliú custaim, tairbhe a bhaint as ráthaíocht chuimsitheach a bhfuil a méid laghdaithe. Le hAirteagal 158(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún ([7]) déantar foráil maidir leis an ráthaíocht sin a laghdú go 30 % de na codanna den mhéid tagartha a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 155(2) agus Airteagal 155(3), pointe (a), den Rialachán sin.

(3) Le hAirteagal 155(3), pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447, déantar foráil maidir le rialacha maidir leis na méideanna tagartha atá le húsáid mar ráthaíochtaí cuimsitheacha chun earraí a dhíoltar i gciandíolacháin earraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht mar a shainmhínítear in Airteagal 14(4), pointe (2) de Threoir 2006/112/CE.

([1]) IO L 269, 10.10.2013, lch. 1, ELI: https://data.europa.eu/eli/reg/2013/952/oj.
([2]) Rialachán (AE) 2026/382 ón gComhairle an 11 Feabhra 2026 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1186/2009 a mhéid a bhaineann leis an tairseach faoisimh ó dhleacht chustaim a dhíchur (IO L, 2026/382, 18.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/382/oj).
([3]) Treoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj).
([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe Chód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/2446/oj).
([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/2152 ón gCoimisiún an 21 Meán Fómhair 2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2026/2108 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí mhéid tháille láimhseála an Aontais a bhunú (IO L, 2026/2152, 22.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2026/2152/oj).
([6]) Rialachán (AE) 2026/2108 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2026 lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L, 2026/2108, 19.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/2108/oj).
([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2447/oj).

(4) I gcomhréir le hAirteagal 95(3) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, tá oibreoirí eacnamaíocha údaraithe a chomhlíonann na critéir ábhartha, lena n-áirítear sócmhainneacht airgeadais, i dteideal tairbhe a bhaint as ráthaíocht chuimsitheach lena mbaineann méid laghdaithe. Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 158(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú chun a áirithiú go ndeonófar an laghdú go 30 % den mhéid tagartha freisin chun earraí a dhíoltar i gciandíolacháin a scaoileadh i saorchúrsaíocht. Mar sin féin, ós rud é go raibh cuid nach beag de na hearraí a dhíoltar i gciandíolacháin díolmhaithe ó dhleachtanna custaim go dtí mí Iúil 2026, ba cheart d'údaráis chustaim inniúla na mBallstát faireachán a dhéanamh go bhfuil critéir Airteagal 39 de Rialachán (AE) 952/2013 fós á gcomhlíonadh, go háirithe sócmhainneacht airgeadais na n-oibreoirí eacnamaíocha údaraithe. I gcás inar gá, ba cheart do na húdaráis inniúla na bearta iomchuí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(5) Chun comhsheasmhacht le hAirteagal 143a de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 a áirithiú is gá an nóta míniúcháin faoin tábla in eilimint sonraí 11 10 000 000 ('Nós Imeachta Breise') i dTeideal II 'Cóid i ndáil leis na comhcheanglais sonraí maidir le dearbhuithe agus fógraí' d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú chun an cód nós imeachta breise nua F53 a áireamh agus chun an cód nós imeachta C07 a scriosadh.

(6) Chun go bhféadfar táille láimhseála an Aontais a ríomh i ndearbhuithe custaim, is gá cineál cánach nua a chur le heilimint sonraí 14 03 039 000 'Cineál cánach', i dTeideal II 'Cóid i ndáil leis na comhcheanglais sonraí le haghaidh dearbhuithe agus fógraí' d'Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447.

(7) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 a leasú dá réir sin.

(8) Chun moill mhíchuí a sheachaint i ndáil le tabhairt isteach an tacair beart a bhaineann le táille láimhseála an Aontais, na rialacha lena laghdaítear ráthaíochtaí cuimsitheacha le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha údaraithe i gciandíolacháin agus lena gcoigeartaítear gnéithe sonraí ábhartha, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe agus ba cheart feidhm a bheith aige ón dáta céanna le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/2152 lena mbunaítear a mhéid.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um an gCód Custaim,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 158 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. Laghdófar méid na ráthaíochta cuimsithí dá dtagraítear in Airteagal 95(3) den Chód go 30 % de na codanna den mhéid tagartha a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 155(2) agus le hAirteagal 155(3), pointí (a) agus (c), den Rialachán seo.'; agus

(b) cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:

'3. Déanfaidh na húdaráis chustaim inniúla faireachán féachaint an gcomhlíonann na hoibreoirí eacnamaíocha údaraithe a thairbhíonn den laghdú dá dtagraítear i mír 2, i gcás na coda den mhéid tagartha arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 155(3), pointe (c), na critéir in Airteagal 39 de Rialachán (AE) 952/2013, agus, i gcás inar gá, déanfaidh siad na bearta iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Tá an méid sin gan dochar don oibleagáid faireacháin ghinearálta dá dtagraítear in Airteagal 23(5) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.';

(2) in Iarscríbhinn B, Teideal II 'Cóid i ndáil leis na comhcheanglais sonraí le haghaidh dearbhuithe agus fógraí', cuirtear an méid seo a leanas in ionad an nóta míniúcháin thíos sa tábla in eilimint sonraí 11 10 000 000 ('Nós Imeachta Breise'):

'I gcás dearbhuithe custaim le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht dá dtagraítear i gcolún H7, ní fhéadfar ach cóid nósanna imeachta breise C08, F48, agus F49 agus F53 a cheadaítear go sonrach le haghaidh an cholúin sin a úsáid.';

(3) in Iarscríbhinn B, Teideal II 'Cóid i ndáil leis na comhcheanglais sonraí le haghaidh dearbhuithe agus fógraí', eilimint sonraí 14 03 000 000 ('Dleachtanna agus cánacha'), sa tábla ina liostaítear na cóid is infheidhme faoi fho-eilimint 14 03 039 000 'Cineál cánach', cuirtear an iontráil seo a leanas isteach ag deireadh an tábla:

Cód	Tuairisc
'F00	Táille Láimhseála an Aontais'

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Samhain 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN